

## **Maoiniú Státchiste faoin**

### **Reachtaíocht um an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte**

**sa bhliain 2016**



## **Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí** **Standards in Public Office Commission**

*Tuarascáil chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe  
de réir alt 10D den  
Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an  
Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte)  
(Leasú), 2014*

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**18 Sráid Líosain Íochtarach**  
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**  
**Ríomhphost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)**  
**Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)**  
**Twitter: @SIPOCIreland**


**Iúil 2017**

## Clár Ábhar

	Brollach
Caibidil 1	Réamhrá
Caibidil 2	Ráitis Chaiteachais a thug na Ceannairí Páirtí/na Comhaltaí Neamhspleácha
Caibidil 3	An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2016
Aguisín	Tábla 1: Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016  Tábla 2: Miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais sa bhliain 2016  Tábla 3: Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016  Tábla 4: Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016  Tábla 5: Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha den Seanad faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016  Tábla 6: Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach comhalta neamhspleách den Seanad le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Na ráitis chaiteachais agus na tuarascálacha iniúchóra phoiblí i ndáil leis an mbliain 2016 dá dtagraítear sa tuarascáil seo, tugadh iad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
Iúil 2017

## Caibidil 1 Réamhrá

1.1 Foráladh i sraith Achtanna éagsúla, agus san Acht um an Oireachtas agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, ar dtús, do liúntas bliantúil (i dtaca le speansais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, taighde san áireamh) a íoc le ceannaire amháin nó níos mó ar pháirtithe parlaiminteacha. Rialáladh íoc an liúntais faoi na hAchtanna sin freisin. Ceanglaítear ar cheannairí páirtí ráiteas bliantúil faoi chaiteachas ón liúntas sin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

1.2 D'éirigh liúntas den chineál céanna iníoctha le comhaltaí neamhspleácha den Dáil agus den Seanad faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001.

1.3 Leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014, laghdaíodh leibhéal na n-íocaíochtaí a dhéantar agus foráladh den chéad uair riamh go gceanglófaí ar chomhaltaí neamhspleácha ráiteas bliantúil ar chaiteachas a thabhairt don Choimisiún. Tugtar an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte (LGP) ar an liúntas anois.

1.4 Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht le haghaidh an olltoghcháin is déanaí nó aon fhothoghchán ina dhiaidh sin agus ar toghadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid chuig Dáil Éireann nó a ndearnadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid a thoghadh nó a ainmniú chuig Seanad Éireann. Tar éis an olltoghcháin i mí Feabhra 2016, cháiligh na ceannairí parlaiminteacha ar 9 bpáirtí polaitíochta don liúntas a fháil.

1.5 Pléitear sa tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig. Fuair sé na ráitis sin ó na ceannairí parlaiminteacha ar na 9 bpáirtí polaitíochta, ó na 21 Sheanadóir neamhspleácha (seachtar n-iarSheanadóirí) agus ó na 23 Theachta Dála neamhspleácha (iarTheachta Dála amháin) a fuair an liúntas sa bhliain 2016.

1.6 I gcás go bhfuil páirtí cáilitheach ar cheann amháin de na páirtithe sa Rialtas, is faoi aon trian a laghdófar na liúntais chomhcheangailte is iníoctha i leith a chuid comhaltaí sa Dáil (agus sa Dáil amháin). Cuireadh an laghdú sin i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí a rinneadh le Fine Gael sa bhliain 2016 agus maidir le híocaíochtaí a rinneadh le Páirtí an Lucht Oibre go dtí gur bunaíodh Rialtas an 32ú Dáil i mí na Bealtaine 2016.

1.7 Cé nach bhfuil aon ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an liúntas a leithdháileadh, is amhlaidh go bhfuil ról maoirseachta aige i ndáil leis an dóigh a gcaitear an liúntas. Ní mór dó ráitis chaiteachais an liúntais a fháil agus a bhreithniú agus ní mór dó, más gá, dul i gcomhairle leis na ceannairí páirtí pharlaimintigh/leis na comhaltaí neamhspleácha i ndáil le hábhair atá ina ráitis. Ní mór don Choimisiún

um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis a fuair sé a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cóip den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní mór dó iniúchadh ar na ráitis a tugadh dó agus cóipeáil na ráiteas sin a éascú freisin.

## Caibidil 2 Ráitis Chaiteachais a thug na ceannairí páirtí agus na comhaltaí neamhspleácha

### Cúlra

2.1 Foráiltear leis an Acht nach mór do cheannairí páirtí pharlaimintigh ráiteas faoi aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar ráiteas den sórt sin, nach mó ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúcháir poiblí agus ní mór é agus tuarascáil an iniúchára a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh den tréimhse 120 lá sin. Ní íocfar an liúntas ach amháin i gcás go mbeidh an ráiteas agus tuarascáil an iniúchára faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin nach mó ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas agus tuarascáil an iniúchára. Ba é an 30 Aibreán 2017 an spriocdháta le haghaidh tuairisceáin a fháil.

2.2 Ceanglaíodh ar na ceannairí ar na 9 bpáirtí polaitíochta seo a leanas ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin.

- An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús
- Fianna Fáil
- Fine Gael
- An Comhaontas Glas
- Neamhspleáigh ar son an Athraithe\* (ar ar tugadh Gluaiseacht na Neamhspleách ar son Comhionannais roimhe sin)
- Sinn Féin
- Na Daonlathaithe Sóisialta
- An Páirtí Sóisialach
- Páirtí an Lucht Oibre.

*\* Chláraigh Neamhspleáigh ar son an Athraithe mar pháirtí an 16 Deireadh Fómhair 2015.*

Ceanglaíodh ar 21 Sheanadóir neamhspleácha agus ar 23 Theachta Dála neamhspleácha ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin freisin. (Níor ceanglaíodh ach ar 15 Theachta Dála agus ar 12 Sheanadóir ráiteas a thabhairt sa bhliain 2015).

2.3 Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin ráiteas caiteachais/tuarascáil iniúchára ó gach duine ar ceanglaíodh orthu ceann a chur isteach.

2.4 De réir an Achta, ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansais toghcháin ná reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansais den sórt sin a aisghabháil ach oiread. Ceanglaíonn an Coimisiún go luafaidh ceannairí páirtí pharlaimintigh agus comhaltaí neamhspleácha ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas chun críocha toghcháin ná reifrinn. Chomhlíon gach duine díobh an ceanglas sin.

2.5 Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis agus ar na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus é ag lua inti:

- (i) cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na ráitis agus na tuarascálacha iniúchóra isteach faoin teorainn ama shonraithe,
- (ii) cé acu atá nó nach bhfuil aon chaiteachas a úsáideadh chun speansais toghcháin nó reifrinn a aisghabháil nochta iontu, agus
- (iii) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na ráitis alt 10 (e.g. gur íocadh an liúntas de réir na rátaí cuí, etc.) agus alt 10B (gur tugadh ráiteas caiteachais, etc.) den Acht.

2.6 Tar éis dó na ráitis chaiteachais/na tuarascálacha iniúchóra a bhreithniú, is deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin anois gur comhlíonadh na forálacha dá dtagraítear in 2.5 thuas.

2.7 Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip dá thuarascáil chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a choinneáil agus ní mór dó iad a chur ar fáil don phobal lena n- iniúchadh agus lena gcóipeáil. Féadfaidh daoine den phobal na ráitis chaiteachais/na tuarascálacha iniúchóra a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin a iniúchadh agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ag [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie) freisin.

2.8 Léirítear i dTábla 1 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha ar Pháirtithe Polaitíochta Cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016.

2.9 Léirítear i dTábla 2 den Aguisín an miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte sa bhliain 2016.

2.10 Léirítear i dTábla 3 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016.

2.11 Léirítear i dTábla 4 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2016.

2.12 Léirítear i dTábla 5 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016.

2.13 Léirítear i dTábla 6 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Seanadóir neamhspleách le linn na bliana 2016.

## Caibidil 3 An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2016

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a íocadh le ceannairí páirtí pharlaimintigh i ndáil le comhaltaí de Dháil Éireann –

- €64,368 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an gcéad deichniúr comhaltaí,
- €51,493 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 11ú comhalta go dtí an 30ú comhalta, agus
- €25,754 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 30ú comhalta ar aghaidh.

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a íocadh le ceannairí páirtí pharlaimintigh i ndáil le comhaltaí den Seanad –

- €42,089 in aghaidh an chomhalta a toghadh nó a ainmníodh i ndáil leis an gcéad chúigear comhaltaí
- agus
- €21,045 in aghaidh an chomhalta a toghadh nó a ainmníodh ón gcéad chúigear comhaltaí ar aghaidh.

Fuair comhaltaí tofa neamhpháirtí de Dháil Éireann liúntas bliantúil €37,037 agus fuair comhaltaí tofa nó ainmnithe neamhpháirtí de Sheanad Éireann liúntas bliantúil €21,045.

Agus an tuarascáil seo á scríobh, b'ionann agus €7,214,858 an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil sa bhliain 2016 do na Ceannairí Páirtí Parlaimintigh ar na naoi bpáirtí polaitíochta cháilitheacha.

B'ionann agus €640,887 san iomlán an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Dáil sa bhliain 2016.

B'ionann agus €249,159 san iomlán an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Seanad sa bhliain 2016.



# AGUISÍN

Tábla 1

*Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha ar Pháirtithe Polaitíochta Cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016*

Maoiniú	lomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2016	Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2015	lomlán an mhaoinithe atá ar fáil do 2016	Caiteachas iomlán	larmhéid a tugadh ar aghaidh go 2017
	€	€	€	€	€
Fianna Fáil	2,247,031	Nialas	2,247,031	2,089,798	157,233
Fine Gael	1,931,641	719,263	2,650,904	2,370,785	280,199
Sinn Féin	1,415,300	80,050	1,495,349	1,033,066	462,283
Páirtí an Lucht Oibre	733,037	1,398,284	2,131,321	1,339,050	792,271
An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús	350,100	31,695	381,795	330,045	51,750
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	220,203	Nialas	220,203	129,566	90,637
Na Daonlathaithe Sóisialta	165,152	Nialas	165,152	87,159	77,993
An Comhaontas Glas	138,853	Nialas	138,853	3,650	235,203
An Páirtí Sóisialach	13,541	3,601	17,141	17,140	-
Iomlán	7,214,858	2,232,893	9,447,749	7,400,260	2,047,489

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

## Tábla 2

*Miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais sa bhliain 2016*

Catagóir	An Comhaontas Frith-Dhéine agus Pobal roimh Bhrabús	Fianna Fáil	Fine Gael	An Comhaontas Glas	Neamhspleáigh ar son an Athraithe	Sinn Féin	Na Daonlathaithe Sóisialta	An Páirtí Sóisialach	Páirtí an Lucht Oibre
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
a	36,020	1,909,276	214,213	Nialas	107,854	576,488	49,173	513	1,191,115
b	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
c	Nialas	11,063	109,302	3,650	Nialas	28,013	Nialas	Nialas	19,237
d	Nialas	Nialas	209,109	Nialas	870	351,059	4,967	Nialas	128,698
e	Nialas	116,401	71,686	Nialas	3,035	Nialas	32,387	Nialas	Nialas
f	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
g	470	Nialas	1,766,475	Nialas	Nialas	77,506	Nialas	Nialas	Nialas
h	Nialas	30,000	Nialas	Nialas	3,000	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
i	287,410	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	16,628	Nialas
j	6,146	23,058	Nialas	Nialas	14,807	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
k	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	633	Nialas	Nialas
<b>lomlán</b>	<b>330,046</b>	<b>2,089,798</b>	<b>2,370,785</b>	<b>3,650</b>	<b>129,566</b>	<b>1,033,066</b>	<b>87,160</b>	<b>17,141</b>	<b>1,339,050</b>

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

### Catagóirí caiteachais

- riarachán ginearálta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid páirtí cháilithigh
- comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha
- taighde agus oiliúint
- ceapadh beartais
- seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí
- suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha
- seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminteach a cheannach ón bpáirtí
- aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach i ndáil le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin, ar íocaíochtaí iad a bheidh ar leithligh ó aon íocaíochtaí a fhaigheann sé/sí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige Aireachta
- aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le haon duine eile i ndáil le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminteach
- soláthar a dhéanamh do chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhtú ag ceannaire parlaiminteach, ag oifigigh nó ag urlabhra páirtí pharlaimintigh a bhaineann leis an bhfeidhm páirtí pharlaimintigh atá acu, nó caiteachas den sórt sin a aisghabháil
- siamsaíocht.

Tábla 3

*Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016*

Ainm an Teachta Dála	Suim iomlán a fuarthas idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2016	Suim a tugadh ar aghaidh ó 2015	Suim iomlán	Suim a caitheadh in 2016	Suim a tugadh ar aghaidh go 2017
	€	€	€	€	€
Canney, Sean	31,676	Nialas	31,676	11,861	19,815
Collins, Michael	31,676	Nialas	31,676	31,676	Nialas
Connolly, Catherine	30,684	Nialas	30,684	500	30,364
Donnelly, Stephen	3,797	3,441	7,237	4,489	2,748
Fitzmaurice, Michael	35,473	13,957	49,429	35,920	13,509
Fleming, Tom	3,797	3,696	7,493	7,493	Nialas
Grealish, Noel	35,473	19,434	54,906	31,918	22,989
Halligan, John	35,473	693	34,780	33,541	1,239
Harty, Michael	30,684	Nialas	30,684	6,600	24,264
Healy, Seamus	35,473	10,822	46,295	28,545	17,749
Healy Rae, Danny	12,346	Nialas	12,346	11,443	903
Healy Rae, Michael	35,473	18,478	53,951	38,623	15,328
Lowry, Michael	35,473	31,077	66,550	21,920	44,630
McGrath, Finian	35,473	29,267	64,740	33,331	31,409
McGrath, Mattie	35,473	22,088	57,561	32,513	25,048
Moran, Kevin	31,676	Nialas	31,676	26,421	5,255
Murphy, Catherine	3,797	2,291	6,088	6,129	Nialas
Naughten, Denis	31,676	Nialas	31,676	17,272	14,404
O'Sullivan, Maureen	35,473	9,306	44,779	16,939	27,839
Pringle, Thomas	35,473	11,149	46,621	35,881	10,740
Ross, Shane	35,473	24,193	59,666	19,044	40,623
Wallace, Michael	3,797	14,506	18,303	8,131	10,172
Zappone, Katherine	34,722	Nialas	34,722	34,938	Nialas
<b>Iomlán</b>	<b>640,887</b>	<b>213,011</b>	<b>853,898</b>	<b>495,127</b>	<b>359,028</b>

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

Tábla 4

*Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2016*

Catagóir	a	b	c	d	e	f	lomlán	larmhéid a tugadh ar aghaidh go 2017
Ainm an Teachta Dála	€	€	€	€	€	€	€	€
Canney, Sean	Nialas	938	284	6150	Nialas	4,489	11,861	19,815
Collins, Michael	7,177	4,665	10,649	3,498	5,688	Nialas	31,676	Nialas
Connolly, Catherine	Nialas	500	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	500	30,364
Donnelly, Stephen	269	Nialas	4,143	Nialas	Nialas	77	4,489	2,748
Fitzmaurice, Michael	Nialas	3,620	20,200	12,100	Nialas	Nialas	35,920	13,509
Fleming, Tom	770	6,723	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	7,493	Nialas
Grealish, Noel	246	2,332	4,589	24,750	Nialas	Nialas	31,918	22,989
Halligan, John	7,402	8,892	4,100	5,768	5,180	2,199	33,541	1,239
Harty, Michael	Nialas	Nialas	Nialas	6,600	Nialas	Nialas	6,600	24,264
Healy, Seamus	27,755	Nialas	Nialas	590	Nialas	200	28,545	17,749
Healy Rae, Danny	Nialas	5,250	6,066	Nialas	Nialas	127	11,443	903
Healy Rae, Michael	Nialas	31,248	5,369	511	Nialas	1,496	38,623	15,328
Lowry, Michael	Nialas	5,000	Nialas	16,920	Nialas	Nialas	21,920	44,629
McGrath, Finian	Nialas	60	Nialas	19,531	12,663	1,077	33,331	31,409
McGrath, Mattie	92	19,036	11,990	Nialas	Nialas	1,396	32,513	25,048
Moran, Kevin	6,730	9,655	950	2,213	3,525	3,348	26,421	5,255
Murphy, Catherine	4,280	65	284	1,500	Nialas	Nialas	6,129	Nialas
Naughten, Denis	6,516	Nialas	10,756	Nialas	Nialas	Nialas	17,272	14,404
O'Sullivan, Maureen	Nialas	1,270	Nialas	14,172	Nialas	1,497	16,939	27,839
Pringle, Thomas	608	18,831	16,443	Nialas	Nialas	Nialas	35,881	10,740
Ross, Shane	257	1,907	Nialas	590	12,349	3,941	19,044	40,623
Wallace, Michael	1,400	2,160	Nialas	2,000	2,571	Nialas	8,131	10,172
Zappone, Katherine	Nialas	1,720	98	30,198	Nialas	2,923	34,938	Nialas
<b>lomlán</b>	<b>63,500</b>	<b>123,871</b>	<b>95,920</b>	<b>147,091</b>	<b>41,976</b>	<b>22,769</b>	<b>495,127</b>	<b>359,028</b>

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

**Catagóirí caiteachais**

- (a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha,
- (b) taighde agus oiliúint,
- (c) ceapadh beartais,
- (d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí,
- (e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha, agus siamsaíocht.
- (f)

Tábla 5

*Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha den Seanad faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2016*

Ainm an tSeanadóira	Suim iomlán a fuarthas idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016	Suim a tugadh ar aghaidh ó 2015	Suim iomlán	Suim a caitheadh in 2016	Suim a tugadh ar aghaidh go 2017
	€	€	€	€	€
Barrett, Sean *	6,645	Nialas	6,645	6,708	Nialas
Black, Frances	14,400	Nialas	14,400	4,835	9,565
Boyhan, Victor	14,400	Nialas	14,400	5,457	8,943
Coghlan, Eamon *	6,645	13,534	20,179	Nialas	20,179
Craughwell, Gerard	21,045	2,984	24,029	14,456	9,573
Crown, John *	6,645	Nialas	6,645	6,645	Nialas
Dolan, John	14,400	Nialas	14,400	915	13,485
Freeman, Joan	12,565	Nialas	12,565	10,902	1,662
Higgins, Alice Mary	14,400	Nialas	14,400	6,573	7,827
Kelleher, Colette	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Lawless, Billy	8,769	Nialas	8,769	1,531	7,238
MacConghaill, Fiach *	6,645	Nialas	6,645	4,595	2,050
McDowell, Michael	14,400	Nialas	14,400	1,806	12,594
Mullen, Ronan	21,045	Nialas	21,045	21,045	Nialas
Norris, David	21,045	17,669	38,714	12,729	25,985
Ó Ceidigh, Pádraig	12,565	Nialas	12,565	5,339	7,226
O'Brein, Mary Ann *	6,645	Nialas	6,645	-	6,645
O'Donnell, Marie Louise	19,210	3,987	23,197	16,930	6,267
Quinn, Fergal *	6,645	Nialas	6,645	6,645	Nialas
Ruane, Lynn	14,400	Nialas	14,400	10,783	3,617
Van Turnhout, Jillian *	6,645	11,655	18,300	640	Nialas
<b>Iomlán</b>	<b>249,159</b>	<b>49,829</b>	<b>298,988</b>	<b>138,534</b>	<b>142,856</b>

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

\* scoir na daoine seo dá bheith ina gcomhalta sa bhliain 2016 – baineann an tuairisciú leis an tréimhse iomchuí den bhliain 2016.

Nótaí:

Thug an t-iarSheanadóir Van Turnhout suim €17,660.53 ar ais go dtí an Roinn Airgeadais den Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte a fuair sí.

Thug an t-iarSheanadóir Mac Conghail, tar éis foirmeacha a bheith faighte ag an Choimisiún, suim €2,050 ar ais go dtí an Roinn Airgeadais.

Thug an t-iarSheanadóir Coghlan, tar éis foirmeacha a bheith faighte ag an Choimisiún, suim €20,179 ar ais go dtí an Roinn Airgeadais.

Tábla 6

**Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach comhalta neamhspleách den Seanad le linn na bliana 2016**

Catagóir	a	b	c	d	e	f	Eile	Iomlán	larmhéid a tugadh ar aghaidh go 2017
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
<b>Ainm an tSeanadóir</b>									
Barrett, Sean *	Nialas	4,013	2,695	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>6,708</b>	<b>Nialas</b>
Black, Frances	1,200	800	Nialas	2,830	Nialas	Nialas	5	<b>4,835</b>	<b>9,565</b>
Boylan, Victor	467	2,017	1,383	Nialas	Nialas	1,590	Nialas	<b>5,457</b>	<b>8,943</b>
Coghlan, Eamon *	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>Nialas</b>	<b>20,179</b>
Craughwell, Gerard	1,082	1,123	8,783	27	Nialas	3,442	Nialas	<b>14,456</b>	<b>9,573</b>
Crown, John *	Nialas	3,256	3,389	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>6,645</b>	<b>Nialas</b>
Dolan, John	Nialas	Nialas	882	Nialas	Nialas	Nialas	33	<b>915</b>	<b>13,485</b>
Freeman, Joan	8,435	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	2,468	Nialas	<b>10,902</b>	<b>1,662</b>
Higgins, Alice Mary	Nialas	1,433	2,060	3,076	Nialas	Nialas	4	<b>6,573</b>	<b>7,827</b>
Kelleher, Colette	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>Nialas</b>	<b>Nialas</b>
Lawless, Billy	467	Nialas	169	Nialas	Nialas	895	Nialas	<b>1,531</b>	<b>7,238</b>
MacConghaill, Fiach *	Nialas	1,847	700	1,410	Nialas	638	Nialas	<b>4,595</b>	<b>2,050</b>
McDowell, Michael	467	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	1,339	Nialas	<b>1,806</b>	<b>12,594</b>
Mullen, Ronan	3,220	12,413	5,387	Nialas	Nialas	25	Nialas	<b>21,045</b>	<b>Nialas</b>
Norris, David	Nialas	Nialas	Nialas	12,497	Nialas	232	Nialas	<b>12,729</b>	<b>25,985</b>
Ó Ceidigh, Pádraig	467	1,603	Nialas	2,600	Nialas	668	Nialas	<b>5,339</b>	<b>7,226</b>
O'Brein, Mary Ann *	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>Nialas</b>	<b>6,645</b>
O'Donnel, Marie Louise	467	9,391	4,754	1,361	Nialas	957	Nialas	<b>16,930</b>	<b>6,267</b>
Quinn, Fergal *	Nialas	6,645	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	<b>6,645</b>	<b>Nialas</b>
Ruane, Lynn	600	5,960	3,765	118	Nialas	322	18	<b>10,783</b>	<b>3,617</b>
Van Turnhout, Jillian *	Nialas	Nialas	Nialas	640	Nialas	Nialas	Nialas	<b>640</b>	<b>Nialas</b>
<b>Iomlán</b>	<b>16,872</b>	<b>50,501</b>	<b>33,967</b>	<b>24,559</b>	-	<b>12,576</b>	<b>60</b>	<b>138,534</b>	<b>142,856</b>

*Tabhair faoi deara: slánaíodh na figiúirí atá tugtha thuas*

\* scoir na daoine seo dá bheith ina gcomhalta sa bhliain 2016 – baineann an tuairisciú leis an tréimhse iomchuí den bhliain 2016.

**Catagóirí caiteachais**

- (a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar chomhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh parlaiminteacha fhéideartha
- (b) taighde agus oiliúint
- (c) ceapadh beartais
- (d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí
- (e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh parlaiminteacha siamsaíocht.
- (f)